II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1702 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Iúil 2021

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí ghnéithe breise agus rialacha mionsonraithe le haghaidh Scórchlár InvestEU a leagan amach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 ([1]), agus go háirithe Airteagal 22(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir leis na tograí le haghaidh oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta arna dtíolacadh ag comhpháirtithe cur chun feidhme i gcomhair cumhdach le ráthaíocht AE faoi Chiste InvestEU, beidh measúnú le déanamh ar na tograí sin ag an gCoiste Infheistíochta de bhun Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) 2021/523.

(2) Déanfaidh an Coiste Infheistíochta measúnú agus fíorú ar na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta faoi threoir scórchlár táscairí, rud a bheidh le líonadh isteach ag na comhpháirtithe cur chun feidhme de bhun Airteagal 22(2), agus leis sin, áiritheofar go ndéanfar meastóireacht neamhspleách, thrédhearcach agus chomhchuibhithe ar na tograí.

(3) De bhun Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2021/523, tá na seacht gcolún seo a leanas sa scórchlár táscairí: rannchuidiú na hoibríochta le cuspóirí beartais an Aontais Eorpaigh, an tuairisc ar bhreisíocht, an cliseadh margaidh nó an cás infheistíochta fo-optamaí a dtabharfar aghaidh uirthi leis an oibríocht, an rannchuidiú airgeadais agus teicniúil a thabharfaidh an comhpháirtí cur chun feidhme, an tionchar a bheidh ag an oibríocht, próifíl airgeadais na hoibríochta agus na táscairí comhlántacha.

(4) Chun a áirithiú go bhféadfaidh an Coiste Infheistíochta measúnú neamhspleách, trédhearcach agus comhchuibhithe a dhéanamh ar na hiarrataí ar úsáid ráthaíocht AE, ba cheart na gnéithe, táscairí agus fothascairí difriúla a bheidh le soláthar le haghaidh gach colúin a bhunú, chomh maith leis na critéir scórála agus na hualuithe ábhartha a bheidh le húsáid ag na comhpháirtithe cur chun feidhme agus measúnú á dhéanamh acu ar na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta atáthar a mholadh.

(5) Ionas go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

([1]) IO L 107, 26.3.2021, lch. 30.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis na rialacha mionsonraithe a úsáidfidh na comhpháirtithe cur chun feidhme chun an scórchlár táscairí dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2021/523 a líonadh isteach chun é a chur ar chumas an Choiste Infheistíochta measúnú neamhspleách, trédhearcach agus comhchuibhithe ar na hiarrataí ar úsáid ráthaíocht AE a dhéanamh, leagtar amach na rialacha sin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

1. **Prionsabail ghinearálta**

Maidir leis an gCoiste Infheistíochta a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) ("Rialachán InvestEU"), úsáidfidh sé scórchlár táscairí ("Scórchlár InvestEU") chun measúnú a dhéanamh ar na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a mholann na comhpháirtithe cur chun feidhme i gcomhair cumhdach faoi ráthaíocht AE. Mar chuid den scrúdú dá dtagraítear in Airteagal 24(1) agus i gcomhréir le hAirteagal 24(4) de Rialachán InvestEU, úsáidfidh an Coiste Infheistíochta Scórchlár InvestEU chun measúnú neamhspleách, trédhearcach agus comhchuibhithe a dhéanamh ar iarrataí ar úsáid ráthaíocht AE le haghaidh oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta arna moladh ag comhpháirtithe cur chun feidhme.

An comhpháirtí cur chun feidhme atá ag tíolacadh togra le haghaidh oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta ([2]), lena n-áirítear Oibríochtaí Creata ([3]), chuig an gCoiste Infheistíochta, líonfaidh sé isteach Scórchlár InvestEU. Maidir leis an méid mionsonraí a bheidh le cur i láthair le haghaidh gach ceann de na colúin, beidh sé difriúil ag brath ar cibé acu atá i gceist: oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta aonair nó Oibríochtaí Creata. I gcás ina mbeidh Oibríochtaí Creata i gceist, féadfar meastacháin fhoriomlána a sholáthar, amhail cineál na n-idirghabhálacha airgeadais, líon measta agus cineál na bhfaighteoirí deiridh, na meánmhéideanna maoiniúcháin a bheidh le soláthar do na faighteoirí deiridh, agus an tionchar a mheastar a bheidh ag an oibríocht chreata.

1.1. *Ábhar Scórchlár InvestEU*

De bhun Airteagal 22 (3) de Rialachán InvestEU, cumhdófar le Scórchlár InvestEU na gnéithe seo a leanas:

(a) cur i láthair na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta, is é sin, a hainm, an faighteoir deiridh le haghaidh oibríochtaí díreacha nó an t-idirghabhálaí airgeadais/na hidirghabhálaithe airgeadais (ainm an idirghabhálaí airgeadais, más eol; agus murab eol, a chineál ar a laghad) le haghaidh oibríochtaí idirghafa, tír/tíortha a cur chun feidhme agus tuairisc ghearr ar an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta;

(b) colún 1 - rannchuidiú na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta le cuspóirí beartais an Aontais Eorpaigh;

(c) colún 2 - tuairisc ar bhreisíocht na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta;

(d) colún 3 - cliseadh margaidh nó cás infheistíochta fo-optamaí ar a dtabharfar aghaidh leis an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta;

(e) colún 4 - an rannchuidiú airgeadais agus teicniúil a thabharfaidh an comhpháirtí cur chun feidhme;

(f) colún 5 - tionchar na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta;

(g) colún 6 - próifíl airgeadais na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta;

(h) colún 7 - táscairí comhlántacha.

1.2. *Measúnú ar na colúin*

Gach oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta arna tíolacadh chuig an gCoiste Infheistíochta, déanfaidh an comhpháirtí cur chun feidhme í a scóráil ar cholúin 3, 4, 5, agus déanfaidh sé measúnú uirthi trí tháscairí cáilíochtúla nó cainníochtúla nach scóráiltear ar cholúin 1, 2, 6 agus 7.

Úsáidfear an scála seo a leanas agus scóráil cholúin 3, 4 agus 5 á déanamh. Úsáidfear an scála céanna le haghaidh táscairí agus fothascairí scóráilte.

Pointí	Scór
1	Réasúnta
2	Go maith
3	An-mhaith
4	Den scoth

([1]) Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

([2]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 2(10) de Rialachán InvestEU.

([3]) Ciallaíonn sé saoráid, clár nó struchtúr a bhfuil fothionscadail fholuiteacha aige/aici laistigh de bhrí Airteagal 24(6) de Rialachán InvestEU. D'fhonn amhras a sheachaint, áirítear le haon tagairt sa doiciméad seo d'oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta Oibríochtaí Creata.

De bharr chineál a raoin feidhme, déanfar measúnú ar gach colún scóráilte ina cheann agus ina cheann agus ní dhéanfar na scóir a chomhiomlánú in aon scór amháin. I gcás ina ndéanfar measúnú ar na colúin trí tháscairí agus fothráscairí sonracha, cuirfear ualú na dtáscairí agus na bhfothráscairí sin san áireamh agus scór an cholúin ábhartha á ríomh (tríd an líon ábhartha pointí a mhéadú faoin ualú ábhartha) ([4])

Soláthróidh na comhpháirtithe cur chun feidhme réasúnaíocht lena dtabharfar údar cuí le gach scór a bhronntar, bunaithe ar an modh a dtugtar tuairisc air i bhFoscríbhinn ábhartha agus ar nithe ábhartha eile a áirítear le Rialachán InvestEU, leis na Treoirlínte Infheistíochta ([5]), leis na treoirdhoiciméid de chuid an Choimisiúin amhail an treoirdhoiciméid maidir le measúnú inbhuanaitheachta ([6]) agus modheolaíocht rianaithe na haeráide agus an chomhshaoil ([7]).

Tabharfaidh an Coiste Infheistíochta an tábhacht chéanna do gach colún agus é ag déanamh measúnú ar oibríochtaí maoiniúcháin nó infheistíochta, gan beann ar cibé acu a thaispeánann an colún ar leith scór uimhriúil nó nach dtaispeánann nó atá sé comhdhéanta de tháscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla nach scóráiltear nó nach bhfuil.

De réir Airteagal 24(4) de Rialachán InvestEU, ní bheidh an measúnú a dhéanfaidh an comhpháirtí cur chun feidhme ceangailteach ar an gCoiste Infheistíochta.

1.3. *Foilsiú Scórchlár InvestEU*

I gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán InvestEU, foilseofar an Scórchlár InvestEU ábhartha ar shuíomh gréasáin InvestEU tar éis shíniú na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta comhfhreagraí idir an comhpháirtí cur chun feidhme agus an t-idirghabhálaí airgeadais nó an faighteoir deiridh, de réir mar is infheidhme. I gcás Oibríochtaí Creata, foilseofar Scórchlár InvestEU tar éis shíniú an chéad fhothionscadail.

Agus é ag tíolacadh na hiarrata ar chumhdach faoi ráthaíocht AE chuig an gCoiste Infheistíochta, déanfaidh an comhpháirtí cur chun feidhme Scórchlár InvestEU a thíolacadh chuige freisin agus beidh faisnéis iomlán faoi na colúin uile ag gabháil leis. Ní mór réasúnú don mheasúnú i gcomhréir le colúin 1 go 6 a bheith san áireamh le Scórchlár InvestEU, lena n-áirítear na táscairí ábhartha agus na táscairí i gcolún 7. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh faisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála de nó faisnéis rúnda sa Scórchlár InvestEU a chuirtear faoi bhráid an Choiste Infheistíochta, faisnéis nach bhféadfaí a fhoilsiú.

10 lá gnó ar a dhéanaí tar éis dháta shíniú na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta, nó an chéad fhothionscadail i gcás Oibríochtaí Creata, déanfaidh an comhpháirtí cur chun feidhme leagan poiblí de Scórchlár InvestEU a thíolacadh chuig Rúnaíocht an Choiste Infheistíochta ina mbeidh insint lena gcumhdófar colúin 1 go 5 agus na táscairí i gcolún 7 agus foilseofar sin. Ní áireofar leis an leagan poiblí sin de Scórchlár InvestEU aon fhaisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála de ná aon fhaisnéis rúnda. Mar gheall go bhfuil faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de i bpróifíl airgeadais na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta, ní chaithfear aon fhaisnéis ar cholún 6 a sholáthar sa leagan poiblí de Scórchlár InvestEU.

2. **Scórchlár InvestEU**

2.1. *Colún 1 – Rannchuidiú na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta le cuspóirí beartais an Aontais Eorpaigh*

Faoi cholún 1, léireoidh an comhpháirtí cur chun feidhme a mhéid a rannchuidíonn an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta le réimsí incháilithe InvestEU, i gcomhréir le hIarscríbhinn II de Rialachán InvestEU, leis na Treoirlínte Infheistíochta agus le coinníollacha an táirge airgeadais ábhartha. Maidir le hurrann an Bhallstáit laistigh de bhrí Airteagail 9 agus 10 de Rialachán InvestEU, áireofar leis an measúnú na cuspóirí beartais a leagtar amach sa chomhaontú comhpháirtíochta ábhartha.

Ní mór d'oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta teacht faoi réimse incháilithe amháin ar a laghad faoi ionú beartais ábhartha an táirge airgeadais ábhartha.

([4]) Ba cheart feidhm a bheith ag na gnáthrialacha slánaithe agus scóir na bhfothráscairí á gcomhiomlánú. Ba cheart slánú a dhéanamh bunaithe ar dhá dheachúil go dtí an tslánuimhir is gaire: Measartha (1): $1{,}00 \leq x \leq 1{,}50$; Go maith (2): $1{,}51 \leq x \leq 2{,}50$; An-mhaith (3): $2{,}51 \leq x \leq 3{,}50$; Den scoth (4): $3{,}51 \leq x \leq 4{,}00$.

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2021/1087 an 14 Aibreán 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na treoirlínte infheistíochta le haghaidh Chiste InvestEU a leagan amach (IO L 234, 2.7.2021, lch. 18).

([6]) Fógra ón gCoimisiún faoi threoraíocht theicniúil maidir le measúnú inbhuanaitheachta ar Chiste InvestEU (C(2021) 2632 final) (IO C 280, 13.7.2021, lch. 1)

([7]) Fógra ón gCoimisiún faoi threoraíocht rianaithe aeráide agus comhshaoil Chlár InvestEU (C(2021) 3316 final)

2.2. *Colún 2 – Tuairisc ar bhreisíocht na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta*

Faoi cholún 2, léireoidh an comhpháirtí cur chun feidhme na príomhargóintí maidir leis an bhfáth ar sa bhreis ar fhoinsí príobháideacha agus/nó ar thacaíocht atá ann cheana féin ó fhoinsí poiblí eile, nó ar an dá cheann, atá an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta. Déanfaidh an comhpháirtí cur chun feidhme a léiriú, go háirithe, go gcomhlíonann an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta ceann amháin de na gnéithe a liostaítear i bpointí (a) go (f) den dara halt d'Iarscríbhinn V.A.2 de Rialachán InvestEU (féach Foscríbhinn 1) ar a laghad.

2.3. *Colún 3 – Cliseadh margaidh nó cás infheistíochta fo-optamaí ar a dtabharfar aghaidh leis an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta*

Faoi cholún 3, léireoidh an comhpháirtí cur chun feidhme an cliseadh margaidh nó na clistí margaidh agus an cás infheistíochta fo-optamaí nó na cásanna infheistíochta fo-optamaí ar a dtugtar aghaidh leis an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta. Tabharfar aghaidh le gach oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta ar cheann amháin de na gnéithe a leagtar amach i bpointí (a) go (f) d'Iarscríbhinn V.A.1 de Rialachán InvestEU ar a laghad. Sainaithneoidh an comhpháirtí cur chun feidhme an ghné nó na gnéithe a chomhlíonann an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta agus áireoidh sé an réasúnú comhfhreagrach (féach Foscríbhinn 2).

Ar bhonn na ngnéithe sainaitheanta sin, déanfaidh an comhpháirtí cur chun feidhme measúnú ar a mhéid a théann an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta i ngleic le cásanna infheistíochta fo-optamaí agus bearnaí infheistíochta de thoradh clistí margaidh. Déanfaidh comhpháirtithe cur chun feidhme an colún sin a scóráil i gcomhréir leis na critéir scórála a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2. Maidir le hoibríochtaí nach dtéann i ngleic ach le cliseadh margaidh amháin nó le cás infheistíochta fo-optamaí amháin, bheadh scór acu sin a bheadh ag teacht le "Measartha" ach, maidir le hoibríochtaí a théann i ngleic le clistí margaidh nó cásanna infheistíochta fo-optamaí breise, bheadh pointí breise acu sin. Thairis sin, na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta nach dtéann i ngleic ach le cliseadh margaidh amháin, beidh pointí breise ag dul dóibh sin ag brath ar mhéid an chliste margaidh atá i gceist agus/nó ar mhéid a n-airde ar thosaíochtaí beartais sonracha mar a thugtar tuairisc orthu i bhFoscríbhinn 2, Táblaí 1 agus 2.

2.4. *Colún 4 – An rannchuidiú airgeadais agus teicniúil a thabharfaidh an comhpháirtí cur chun feidhme*

Le colún 4, dírítear ar an bhfiúntas breise a thagann de rannpháirtíocht an chomhpháirtí cur chun feidhme, eadhon sochair airgeadais agus tairbhí teicniúla don oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta. Is ar scóir ar leithligh na dtáscairí foluiteacha a bheidh scór iomlán cholún 4 bunaithe, mar a thugtar tuairisc orthu i bhFoscríbhinn 3. Leagtar amach cur chuige difriúil le haghaidh oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a bhfuil maoiniú díreach agus maoiniú idirghafa ag baint leo.

Déantar measúnú ar cholún 4 ag úsáid na dtáscairí mar a leagtar amach thíos.

1. na sochair airgeadais a ghintear trí idirghabháil an chomhpháirtí cur chun feidhme (ualach an mhaoinithe dhírigh: 12,5 %; ualach an mhaoinithe idirghafa: 35 %). Tagraítear leis sin do shochair airgeadais a bhaineann le hidirghabháil an chomhpháirtí cur chun feidhme i ndáil lena chontrapháirtí amhail rátaí úis níos ísle;

2. aibíocht níos faide le haghaidh an mhaoinithe a sholáthraítear d'fhaighteoirí deiridh (i gcás ualach an mhaoinithe dhírigh agus sa chás sin amháin: 25 %). Tagraítear leis sin don tréimhse ama a gcuirtear an maoiniú ar fáil don fhaighteoir deiridh lena linn;

3. tairbhí eile a ghintear d'fhaighteoirí deiridh (i gcás ualach an mhaoinithe dhírigh agus sa chás sin amháin: 12,5 %;). Tagraítear leis sin do thairbhí eile amhail tréimhsí cairde, níos mó solúbthachta maidir le híostarraingtí, an fhéidearthacht athbhreithniú a dhéanamh ar rátaí úis, ag rannchuidiú le héagsúlacht foinsí maoinithe d'fhaighteoirí deiridh;

4. carnadh isteach infheisteoirí eile agus tionchar comharthaíochta (ualach an mhaoinithe dhírigh: 25 %; ualach an mhaoinithe idirghafa: 40 %): tagraíonn sin do ról spreagtha an chomhpháirtí cur chun feidhme maidir le hinfheisteoirí príobháideacha nó poiblí eile a shlógadh agus le tionchar comharthaíochta sa mhargadh;

5. comhairle airgeadais agus/nó saineolas struchtúraithe (le haghaidh ualach an mhaoinithe dhírigh agus ualach an mhaoinithe idirghafa araon: 12,5 %): cumhdaítear leis sin gach gné den chomhairle airgeadais/saineolas struchtúraithe a sholáthraíonn an comhpháirtí cur chun feidhme (lena n-áirítear ina cháil mar chomhpháirtí comhairleach faoi Mhol Comhairleach InvestEU). Áirítear leis sin rannpháirtíocht réamhtheachtach seirbhísí comhairleacha, saineolas intí an chomhpháirtí cur chun feidhme a rannchuidíonn le struchtúr airgeadais oibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta a fheabhsú le linn a hullmhaithe nó a cur chun feidhme, lena n-áirítear trí struchtúir mhaoiniúcháin nuálacha, más infheidhme;

6. comhairle agus rannchuidiú teicniúil (le haghaidh ualach an mhaoinithe dhírigh agus ualach an mhaoinithe idirghafa araon: 12,5 %): gach gné den chomhairle theicniúil a sholáthraíonn an comhpháirtí cur chun feidhme (lena n-áirítear ina cháil mar chomhpháirtí comhairleach faoi Mhol Comhairleach InvestEU). Áirítear leis sin rannpháirtíocht réamhtheachtach seirbhísí comhairleacha, rannpháirtíocht cúnaimh theicniúil sheachtraigh arna mhaoiniú agus/nó arna mhaoirsiú ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme, agus saineolas inti an chomhpháirtí cur chun feidhme a rannchuidíonn le hoibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta a fheabhsú, lena n-áirítear a in-infheistithe atá sí agus teacht chun cinn na n-infheistíochtaí/na dtionscadal/an mhaoinithe.

2.5. *Colún 5 – Tionchar na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta*

Is ar scóir ar leithligh na dtáscairí foluiteacha a bheidh scór iomlán an cholúin seo bunaithe, mar a thugtar tuairisc orthu i bhFoscríbhinn 4 thíos. Leagtar amach cur chuige difriúil le haghaidh oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a bhfuil maoiniú díreach agus maoiniú idirghafa ag baint leo.

2.5.1 Maoiniú díreach

Cuirfear i bhfeidhm na gnéithe agus na táscairí agus fothascairí leantacha a leagtar amach thíos.

1. **An tionchar eacnamaíoch agus fáis**: léireofar leis an táscaire seo rannchuidiú oibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch agus a fás inbhuanaithe i dtéarmaí costais agus tairbhí socheacnamaíocha. Is ar ráta toraidh eacnamaíoch ("ERR") na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta a bheidh an scór a shanntar don táscaire seo bunaithe agus ríomhfaidh an comhpháirtí cur chun feidhme é ([8]).

   Déantar ERR a chainníochtú ag úsáid an chleachtais is fearr i ndáil le breithmheas eacnamaíoch. Breithnítear leis costais agus tairbhí socheacnamaíocha na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta, lena n-áirítear na héifeachtaí iarmhartacha a bhaineann léi (e.g. dea-éifeachtaí a bhaineann le taighde, forbairt agus nuálaíocht, tairbhí fadtéarmacha ó thaobh na haeráide de, dea-thionchar ar an margadh saothair, agus/nó dea-éifeachtaí agus drochéifeachtaí ar an gcomhshaol). Tá tionscadail eile ann, áfach, a mbeidh ERR deacair a mheas lena n-aghaidh, nó modhanna breithmheasa eacnamaíoch nach gá go mbeadh toradh uimhriúil ERR ag baint leo (e.g. anailís ilchritéar). Díríonn roinnt earnálacha ar chomhlíonadh chaighdeáin an Aontais agus féadfaidh sé gurb é príomhfhócas an mheasúnaithe a áirithiú go nglacfar réiteach íoschostais chun na cuspóirí sin a bhaint amach (e.g. cóireáil uisce agus dramhaíola).

   I gcás nach féidir ERR a chainníochtú, féadfar scóráil an táscaire seo a bhunú ar mheasúnú cainníochtúil cuí-réasúnaithe ar chostais agus tairbhí socheacnamaíocha an tionscadail ([9]), agus ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch agus ar fhás inbhuanaithe. Ba cheart an measúnú cáilíochtúil sin a dhéanamh in éineacht le hanailís ar oiriúnacht na gcostas infheistíochta agus oibríochtúil araon chun na cuspóirí ionchais a bhaint amach, b'fhéidir trí anailís ar íoschostas agus tagarmharcáil le hinfheistíochtaí inchomparáide.

   Is ionann an táscaire seo agus (40 %) de scór iomlán an cholúin seo.

2. **An tionchar ar an bhfostaíocht**: léireofar leis an táscaire seo rannchuidiú ionchais na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta i dtéarmaí na bpost a chruthófar léi nó a dtabharfar tacaíocht dóibh le linn shaolré na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta, ag cur san áireamh an méid maoinithe a sholáthraíonn an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta. Nochtfaidh an comhpháirtí cur chun feidhme a thuairimí maidir le comhdhéanamh inscne an fhaighteora deiridh (go háirithe i ndáil le róil chinnteoireachta).

   Is ionann an táscaire seo agus (15 %) de scór iomlán an cholúin seo.

([8]) I gcomhréir le modheolaíocht an chomhpháirtí cur chun feidhme féin. Mura mbeidh aon mhodheolaíocht curtha i bhfeidhm ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme, úsáidfear tagairtí ábhartha a áirítear sa treoirdhoiciméid maidir le measúnú inbhuanaitheachta chun an anailís a threorú. An mhodheolaíocht a úsáidfear chun ERR a ríomh, beidh sí comhsheasmhach le dea-chleachtas a nglactar leis go hidirnáisiúnta. Tabharfaidh an comhpháirtí cur chun feidhme údar soiléir leis na toimhdí foluiteacha a úsáidtear chun ERR a ríomh, lena n-áirítear na tairbhí a chuirtear san áireamh agus na luachanna aonaid a úsáidtear chun luach airgid a chur orthu.

([9]) I measc na ndoiciméad tagartha a dtugtar tuairisc orthu sa treoirdhoiciméid maidir le measúnú inbhuanaitheachta, soláthraítear le treoir an Choimisiúin maidir le hanailís costais is tairbhe agus leis an Vademecum atá le teacht maidir le Breithmheasanna Eacnamaíocha eolas faoi chostais agus tairbhí tipiciúla le haghaidh líon earnálacha. Féadfaidh an comhpháirtí cur chun feidhme modheolaíochtaí eile a aithnítear go hidirnáisiúnta a úsáid chomh maith.

3. **Gnéithe a bhaineann le measúnú inbhuanaitheachta**: léireofar leis an táscaire seo torthaí na seiceálacha agus na measúnuithe maidir le hinbhuanaitheacht ([10]), mar is infheidhme, lena n-áirítear:

— Níl aon tionchar suntasach díobhálach ag an tionscadal, lena n-áirítear aon bheart cúitimh nó maolaithe a chuirtear i bhfeidhm, ar aon cheann de na trí ghné d'inbhuanaitheacht (an aeráid, an comhshaol agus an tsochaí) bunaithe ar scagadh InvestEU;

— Tá tionchar dearfach ag an tionscadal ar an aeráid, ar an gcomhshaol agus/nó ar an tsochaí;

Is ionann an táscaire maidir le measúnú inbhuanaitheachta agus (45 %) de scór iomlán an cholúin seo agus is ar scóir na bhfotháscairí seo a leanas a ualaítear mar a shonraítear ann a bheidh sé bunaithe, lena n-áirítear pointí breise a shonraítear ann a fhéadfar a dheonú mar bhónas i gcás ina n-aontóidh an tionscnóir tionscadail, i gcomhar leis an gcomhpháirtí cur chun feidhme, gabháil den chlár oibre dearfach mar a thuairiscítear sa treoirdhoiciméid maidir le measúnú inbhuanaitheachta:

(i) **gnéithe aeráide (15 %)**: léireofar leis an bhfotháscaire seo an tionchar dearfach nó an tionchar diúltach ar an aeráid agus na rioscaí atá ag baint leis an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta.

Maidir leis an gcomhpháirtí cur chun feidhme:

— déanfaidh sé a fhíorú an bhfuil tionchair dhiúltacha bhuana nó shealadacha ag baint leis an tionscadal i dtéarmaí maolú ar an athrú aeráide (astaíochtaí gás ceaptha teasa) agus oiriúnú don athrú aeráide (tionchair ar an aeráid, guaiseacha agus rioscaí a bhaineann leis an aeráid) agus cibé acu a dhéanfar na tionchair sin a mhaolú nó a chúiteamh nó nach ndéanfar agus sa chás ina ndéanfar, cén chaoi a ndéanfar sin;

— déanfaidh sé a fhíorú cén chaoi a ndéantar an t-ábhar imní sin i dtaca leis an aeráid a bhainistiú (i.e. na bearta a dhéantar chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú nó chun an riosca iarmharach a bhaineann leis an athrú aeráide agus guaiseacha don aeráid a laghdú go leibhéal inghlactha);

— cibé acu a bhíonn nó nach mbíonn tionchair dhearfacha ar an aeráid de thoradh na dtionscadal ([11]) agus méid an tionchair sin.

(ii) **an clár oibre dearfach deonach *(bónas*)(7,5 %): is táscaire bónais an fothascaire seo agus léireofar leis** go ndéantar measúnuithe aeráide deonacha le haghaidh tionscadail atá faoi bhun na tairsí a bhunaítear leis an treoirdhoiciméad maidir le measúnú inbhuanaitheachta agus go ndéantar bearta chun dul i ngleic le rioscaí aitheanta don aeráid.

(iii) **gnéithe comhshaoil (15 %)**: léireofar leis an bhfotháscaire seo an tionchar dearfach nó an tionchar diúltach ar an gcomhshaol agus na rioscaí atá ag baint leis an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta.

Maidir leis an gcomhpháirtí cur chun feidhme:

— déanfaidh sé a fhíorú cibé acu atá nó nach bhfuil drochthionchair chomhshaoil bhuana nó shealadacha ag baint leis an tionscadal agus an ndéanfar na tionchair sin a mhaolú nó a chúiteamh agus sa chás ina ndéanfar, cén chaoi a ndéanfar sin;

— fiosróidh sé cén chaoi a ndéantar an tionchar comhshaoil sin agus na rioscaí sin don chomhshaol a bhainistiú (rioscaí iarmharacha tar éis chur chun feidhme na mbeart oiriúnaithe agus/nó maolaithe);

— cibé acu atá nó nach bhfuil tionchar dearfach ar an gcomhshaol de thoradh na dtionscadal ([12]) agus méid an tionchair sin.

(iv) **an clár oibre dearfach deonach (*bónas*)(7,5 %)**: is táscaire bónais an fothascaire seo agus léireofar leis gealltanas deonach maidir le bearta a d'fhéadfadh cuidiú le tionchar dearfach an tionscadail a neartú agus/nó drochthionchair a mhaolú tuilleadh, ar bhonn an mheasúnaithe a dhéantar.

(v) **gnéithe sóisialta (15 %)**: Léireofar leis an bhfothascaire seo an tionchar dearfach nó an tionchar diúltach ar an tsochaí agus na rioscaí atá ag baint leis an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta.

Maidir leis an gcomhpháirtí cur chun feidhme:

— fíoróidh sé an bhfuil drochthionchar buan nó sealadach ag baint leis an tionscadal maidir leis an tsochaí agus cibé acu a dhéanfar an tionchar sin a mhaolú nó a chúiteamh agus sa chás ina ndéanfar, cén chaoi a ndéanfar sin;

([10]) I gcomhréir le forálacha an treoirdhoiciméid maidir le measúnú inbhuanaitheachta.
([11]) Ní dhéantar ar bhonn deonach iad mar a dtugtar tuairisc air sa phointe a leanas maidir leis an "gclár oibre dearfach deonach".
([12]) Féach fonóta 10.

— fíoróidh sé cén chaoi a ndéantar an tionchar agus na rioscaí sin maidir leis an tsochaí a bhainistiú (rioscaí iarmharacha tar éis chur chun feidhme na mbeart oiriúnaithe agus/nó maolaithe);

— fíoróidh sé cibé acu atá nó nach bhfuil tionchar dearfach ar an tsochaí a thagann de na tionscadail ([13]) agus méid an tionchair sin.

(vi) **an clár oibre dearfach deonach (*bónas*)(7,5 %)**: is táscaire bónais an fothráscaire seo agus léireofar leis gealltanas deonach maidir le bearta a d'fhéadfadh cuidiú le tionchar dearfach an tionscadail a neartú agus/nó drochthionchair a mhaolú tuilleadh, ar bhonn an mheasúnaithe a dhéantar.

Tá faisnéis níos mionsonraithe faoi na critéir scórála i gcomhair na ngnéithe maidir le measúnú inbhuanaitheachta a leagtar amach i bpointe 3 le fáil i bhFoscríbhinn 4, **Tábla 2**.

Bunaithe ar fhorálacha an treoirdhoiciméid maidir le measúnú inbhuanaitheachta, i gcás tionscadal ar ina leith nach sainaithnítear aon tionchar a mbeadh gá le tuilleadh measúnaithe a dhéanamh air le haghaidh fothráscaire sonrach, meastar gur "Go maith" é an scóráil le haghaidh thráscaire na "ngnéithe maidir le measúnú inbhuanaitheachta" a fhad agus a áirithítear comhlíonadh ceanglas dlíthiúil ábhartha agus a thíolactar an réasúnú maidir le gan measúnú a dhéanamh chuig an gCoiste Infheistíochta. Féadfar pointí breise a dheonú i gcás ina sainaithneofar go soiléir tionchair dhearfacha nó i gcás ina ndéanfar bearta deonacha chun an fheidhmíocht inbhuanaitheachta a mhéadú.

Le haghaidh na bhfothráscairí faoi na **"gnéithe a bhaineann le measúnú inbhuanaitheachta"**, féadfar córas coibhéiseach maidir leis an gcomhpháirtí cur chun feidhme a chomhaontú sa chomhaontú ráthaíochta.

2.5.2 Maoiniú idirghafa

Leis an gcolún seo, déanfar measúnú ar an tionchar atá ag an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta chomhfhreagrach ar rochtain ar mhaoiniú agus cuirfear feabhas ar dhálaí maoiniúcháin d'fhaighteoirí deiridh. Beidh an measúnú bunaithe ar na táscairí agus na fothráscairí seo a leanas:

1. **Rochtain ar mhaoiniú a mhéadú agus dálaí maoiniúcháin d'fhaighteoirí deiridh a fheabhsú:** léireofar na gnéithe seo a leanas leis an táscaire seo:

   (i) an scála maoiniúcháin a chuireann an t-idirghabhálaí airgeadais ar fáil d'fhaighteoirí deiridh, scála a bhaineann le maoiniú a fhaigheann tacaíocht ó InvestEU (i.e. giaráil) (ualach: 30 %);

   (ii) tairbhí d'fhaighteoirí deiridh (ualach 30 %): gabhtar leis an táscaire seo sraith tairbhí a ghintear don fhaighteoir deiridh;

   (iii) an tionchar ionchais ar an éiceachóras airgeadais (ualach: 20 %), iomaíocht/éagsúlacht níos fearr ó thaobh foinsí cistiúcháin/táirgí nua/idirghabhálaithe nua de.

Is ionann an táscaire seo agus (80 %) de scór iomlán cholún 5.

2. **An tionchar ar an bhfostaíocht:** beidh an táscaire seo bunaithe ar an bhfostaíocht a mheastar a dtabharfar tacaíocht di ar leibhéal an fhaighteora deiridh, in aghaidh gach milliún EUR den mhaoiniú a sholáthraíonn an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta.

Is ionann an táscaire seo agus (20 %) de scór iomlán cholún 5.

2.6. *Colún 6 – Próifíl airgeadais na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta*

Déanfar measúnú ar phróifíl airgeadais na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta bunaithe ar an méadracht ábhartha i ndáil le measúnú riosca amhail Caillteanas Ionchasach (CI), an réimse CI faoin táirge airgeadais lena mbaineann an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta, ráta aistrithe, Ráta Toraidh Inmheánach Ionchasach (RTI) agus rátáil an chontrapháirtí nó faisnéis cainníochtúil eile faoi ghnéithe a bhaineann le rioscaí i gcomhréir leis na critéir airgeadais mar a shainmhínítear le haghaidh gach táirge airgeadais sa chomhaontú ráthaíochta (Féach Foscríbhinn 5). I gcás nach mbeidh méadracht i ndáil le measúnú riosca den sórt sin ar fáil maidir leis na critéir airgeadais mar a shainmhínítear le haghaidh gach táirge airgeadais sa chomhaontú ráthaíochta, soláthrófar measúnú cáilíochtúil maidir leis an gcaoi a dtagann an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta leis an bpunann uile a shamhlaítear agus a dtugtar tacaíocht di faoi tháirge airgeadais InvestEU.

2.7. *Colún 7 – Táscairí comhlántacha*

Áirítear leis an gcolún seo liosta táscairí éigeantacha (féach Foscríbhinn 6), táscairí nach scóráiltear.

([13]) Féach fonóta 10.

Ar an liosta táscairí éigeantacha, beidh táscairí a bhaineann go sainiúil le hoibríochtaí, rud a chuireann roinnt faisnéis mhionsonraithe bhreise ar fáil don Choiste Infheistíochta faoi ghnéithe sonracha den oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta, amhail an infheistíocht a shlógtar, an éifeacht iolraitheora agus táscairí ábhartha eile a bhaineann go sainiúil le hoibríochtaí a chinntear leis an táirge airgeadais ábhartha.

D'fhéadfadh sé go mbeadh táscairí urrainne Ballstáit ar an liosta chomh maith, dá mba rud é gur comhaontaíodh a leithéid idir an Ballstát agus an Coimisiún faoin gcomhaontú comhpháirtíochta agus gur cuireadh isteach sa chomhaontú ráthaíochta ábhartha leis an gcomhpháirtí cur chun feidhme é.

I gcás maoiniú idirghafa, ní mór don chomhpháirtí cur chun feidhme faisnéis faoi na **gnéithe ESG** ([14]) **a sholáthar,** mar is infheidhme ([15]). Léireofar leis an táscaire seo cuíchóiriú gnéithe ESG ag idirghabhálaithe airgeadais ina ngníomhaíocht. Fíoróidh an comhpháirtí cur chun feidhme cibé acu atá nó nach bhfuil córas bainistíochta comhshaoil agus sóisialta (nó a chomhionann) i bhfeidhm ag an idirghabhálaí airgeadais, ar córas é a bheadh comhréireach do phróifíl riosca inbhuanaitheachta ([16]) a phunainne/a phunann. Tabharfaidh an comhpháirtí cur chun feidhme tuairisc ghairid ar leibhéal na seiceálacha a rinneadh ar leibhéal an idirghabhálaí airgeadais agus cibé acu a mheastar nó nach meastar gur leordhóthanach atá an córas bainistíochta comhshaoil agus sóisialta le haghaidh leibhéal na rioscaí a bhaineann leis an inbhuanaitheacht dá phunann (i gcomhréir le ceanglais chaibidil 3 den treoirdhoiciméad maidir le measúnú inbhuanaitheachta). Sonrófar leis chomh maith má sainaithníodh bearnaí agus má bhí ar an idirghabhálaí na bearnaí sin a réiteach, mar is infheidhme.

([14]) I gcomhréir le forálacha an treoirdhoiciméid maidir le measúnú inbhuanaitheachta

([15]) I gcás oibríocht creata, má tá sé ar fáil am an tíolactha.

([16]) Mar a shainmhínítear sa treoirdhoiciméad maidir le measúnú inbhuanaitheachta.

FOSCRÍBHINN 1

Colún 2 – Tuairisc ar bhreisíocht na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta

Chun a léiriú go bhfuil na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a bhaineann tairbhe as ráthaíocht AE sa bhreis ar an tacaíocht mhargaidh atá ann cheana agus ar an tacaíocht phoiblí eile atá ann, cuirfidh na comhpháirtithe cur chun feidhme faisnéis ar fáil lena léirítear ceann amháin de na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

(a) tacaíocht trí sheasaimh thánaisteacha i ndáil le hiasachtóirí poiblí nó príobháideacha eile nó laistigh den struchtúr cistiúcháin;

(b) tacaíocht a sholáthraítear trí chothromas agus cuasachothromas nó trí fhiachas le haibíochtaí fada, praghsáil, ceanglais chomhthaobhachta nó coinníollacha eile nach bhfuil ar fáil go leordhóthanach ar an margadh nó ó fhoinsí poiblí eile;

(c) tacaíocht d'oibríochtaí a bhfuil próifíl riosca níos airde acu ná an riosca a nglactar go ginearálta leis ag gníomhaíochtaí caighdeánacha an chomhpháirtí cur chun feidhme nó tacaíocht do chomhpháirtithe cur chun feidhme agus iad ag gabháil thar a n-acmhainneacht féin chun tacú le hoibríochtaí den sórt sin;

(d) rannpháirtíocht i sásraí roinnte riosca lena ndírítear ar réimsí beartais a dhéanann an comhpháirtí cur chun feidhme a nochtadh do leibhéil riosca níos airde i gcomparáid leis na leibhéil a nglactar leo go ginearálta ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme nó atá gníomhaithe príobháideacha airgeadais in ann nó toilteanach a ghlacadh;

(e) tacaíocht a dhéanann maoiniú príobháideach nó poiblí breise a spreagadh nó a phlódú isteach agus atá ina comhlánú ar fhoinsí príobháideacha agus tráchtála eile, go háirithe ó aicmí infheistíochtaí nó infheistíochtaí institiúideacha a mbíonn col riosca acu go traidisiúnta, mar thoradh ar thionchar comharthaíochta na tacaíochta a sholáthraítear faoi Chiste InvestEU;

(f) tacaíocht a sholáthraítear trí tháirgí airgeadais nach bhfuil ar fáil nó nach gcuirtear ar fáil ar leibhéal leordhóthanach sna tíortha nó réigiúin spriocdhírithe de bharr margaí easnaimh, tearcfhorbartha nó neamhiomlána.

I gcás oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta idirghafa, go háirithe i gcomhair tacaíocht FBM, déanfar an bhreisíocht a fhíorú ar leibhéal an idirghabhálaí seachas ar leibhéal an fhaighteora deiridh. Measfar breisíocht a bheith ann i gcás ina dtacóidh Ciste InvestEU le hidirghabhálaí airgeadais punann nua a chur ar bun dá bhfuil leibhéal riosca níos airde nó méadú á dhéanamh ar líon na ngníomhaíochtaí a bhfuil ardleibhéal riosca ag baint leo cheana féin i gcomparáid leis na leibhéil riosca a bhfuil gníomhaithe airgeadais príobháideacha agus poiblí in ann nó toilteanach glacadh leo sna tíortha nó réigiúin a ndírítear orthu.

FOSCRÍBHINN 2

Colún 3 – Cliseadh margaidh nó cás infheistíochta fo-optamaí ar a dtabharfar aghaidh leis an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta

Tuairisc réasúnaithe ar an gcliseadh margaidh nó ar an gcás infheistíochta fo-optamaí a dtugtar aghaidh air leis an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta ar bhonn na gceanglas a leagtar amach i bpointí (a) go (f) den dara mír in Iarscríbhinn V.A.1 de Rialachán InvestEU.

Chun dul i ngleic le clistí margaidh nó le cásanna infheistíochta fo-optamaí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 209(2) den Rialachán Airgeadais ([1]), beidh ceann amháin de na gnéithe seo a leanas ag na hinfheistíochtaí ar a ndírítear leis na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta:

(a) gné de leas an phobail a bheith ag baint leo, leas nach féidir leis an oibreoir ná leis an gcuideachta sochair airgeadais leordhóthanacha a ghabháil lena aghaidh (amhail oideachas agus scileanna, cúram sláinte agus inrochtaineacht, slándáil agus cosaint, agus bonneagar atá ar fáil gan aon chostas nó ar chostas fánach);

(b) seachtrachtaí a mhainníonn an t-oibreoir nó an chuideachta a inmheánú i gcoitinne, amhail infheistíocht taighde agus forbartha, éifeachtúlacht fuinnimh, cosaint na haeráide nó an chomhshaoil;

(c) neamhshiméadracht faisnéise, go háirithe i gcás FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, lena n-áirítear leibhéil riosca níos airde i ndáil le cuideachtaí luathchéime, le cuideachtaí a bhfuil sócmhainní doláimhsithe acu go príomha nó nach bhfuil comhthaobhacht leordhóthanach acu, nó le cuideachtaí a dhíríonn ar ghníomhaíochtaí ardriosca;

(d) tionscadail bhonneagair trasteorann agus seirbhísí nó cistí gaolmhara a infheistítear ar bhonn trasteorann chun dul i ngleic le hilroinnt an mhargaidh inmheánaigh agus chun comhordú laistigh den mhargadh inmheánach a fheabhsú;

(e) nochtadh do leibhéil riosca níos airde in earnálacha, tíortha nó réigiúin áirithe atá thar na leibhéil a bhfuil gníomhaithe príobháideacha airgeadais in ann nó toilteanach glacadh leo, lena n-áirítear i gcás nach ndéanfaí an infheistíocht nó nach ndéanfaí í a mhéid céanna de bharr a húrnuachta nó na rioscaí a bhaineann le nuálaíocht nó teicneolaíocht neamhchruthaithe;

(f) clistí margaidh nó cásanna infheistíochta fo-optamaí nua nó casta i gcomhréir le pointe (a)(iii) d'Airteagal 9(1) de Rialachán InvestEU.

Tábla 1

Colún 3 – Na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta uile ach amháin maoiniú idirghafa le haghaidh FBManna agus fiontair mheánchaipitlithe bheaga

Táscaire	Measartha (= 1)	Go maith (= 2)	An-mhaith (= 3)	Den scoth (4)
Cliseadh margaidh nó cás infheistíochta fo-optamaí ar a dtabharfar aghaidh leis an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta	Gnáthoibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta lena dtabharfar aghaidh ar chliseadh margaidh nó cás infheistíochta fo-optamaí is gné dhílis den phríomh-mhargadh/ phríomhearnáil. NÓ	Oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta lena dtabharfar aghaidh ar na nithe seo a leanas: (i) cliseadh margaidh nó cás infheistíochta fo-optamaí is gné dhílis den phríomh-mhargadh/ phríomhearnáil chomh maith le (ii) cliseadh margaidh ábhartha eile. NÓ	Oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta lena dtabharfar aghaidh ar na nithe seo a leanas: (i) cliseadh margaidh nó cás infheistíochta fo-optamaí is gné dhílis den phríomh-mhargadh/ phríomhearnáil chomh maith le (ii) dhá chliseadh margaidh ábhartha eile nó dhá chás infheistíochta fo-optamaí eile ar a laghad. NÓ	Oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta atá eiseamláireach nó claochlaitheach ó thaobh aghaidh a thabhairt ar roinnt clistí margaidh nó cásanna infheistíochta fo-optamaí trí bhíthin nuálaíocht/teicneolaíocht shuaiteach nó éifeachtaí iarmhartacha.

([1]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

	Oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta lena dtabharfar aghaidh ar phríomhchliseadh margaidh nach bhfuil chomh leitheadach (suntasach) sin sa mhargadh faoi seach.	Oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta lena dtabharfar aghaidh ar phríomhchliseadh margaidh atá leitheadach (suntasach) go leor sa mhargadh faoi seach.	Oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta lena dtabharfar aghaidh ar phríomhchliseadh margaidh atá an-leitheadach (suntasach) sa mhargadh faoi seach.	

Tábla 2

Colún 3 - Maoiniú idirghafa le haghaidh FBManna agus fiontair mheánchaipitlithe bheaga

Gheobhaidh maoiniú idirghafa a dhíríonn ar FBManna agus ar fhiontair mheánchaipitlithe bheaga pointe amháin. Má tá an maoiniú suite i dtíortha a bhfuiltear ag súil le formhór na leithdháiltí (> 50 % den oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta) i réimsí an Chomhtháthaithe nó an Aistrithe Chóir ([2]), nó, le haghaidh oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta lena ndírítear go sonrach ar thosaíochtaí beartais maidir le taighde agus nuálaíocht i mBallstáit mheán-nuálaíochta an Aontais agus i mBallstáit an Aontais atá ag teacht chun bheith nuálach ([3]), déanfar an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta a uasghrádú le pointe amháin. Deonófar pointí breise má dhírítear ar chodanna leochaileacha/srianta den éiceachóras FBManna leis an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta (micrifhiontair, fiontair shóisialta, fiontair atá treoraithe ag tionchar, gnólachtaí nuathionscanta nó gnólachtaí óga, gnólachtaí ar le mná iad/gnólachtaí a ritheann mná), gnólachtaí a ritheann grúpaí leochaileacha/grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste, feirmeoirí óga etc.) nó gnólachtaí lena ndírítear ar thosaíochtaí beartais breise (inbhuanaitheacht, taighde agus nuálaíocht, scileanna, oideachas agus oiliúint, digitiú, infheistíocht i gceantair thuaithe, earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha). Comhfhreagraíonn an scór deiridh do shuim na bpointí a fhaightear faoi A, B, C, agus D mar a thuairiscítear thíos.

A. Rochtain ar mhaoiniú (Measartha = 1)
B. Má tá an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta i réimse an Chomhtháthaithe nó an Aistrithe Chóir (níos mó ná 50 % den oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta) nó má dhírítear léi go sonrach ar thosaíochtaí beartais maidir le taighde agus nuálaíocht i mBallstáit mheán-nuálaíochta an Aontais agus i mBallstáit an Aontais atá ag teacht chun cinn i réimse na nuálaíochta, cuirfear pointe amháin leis
C. Má dhírítear leis an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta ar chodanna leochaileacha/srianta (ó 10 % go 50 % den oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta), cuirfear pointe amháin leis NÓ Má dhírítear leis an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta ar chodanna leochaileacha/srianta (níos mó ná 50 % den oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta), cuirfear dhá phointe leis
D. Má dhírítear leis an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta ar thosaíochtaí beartais breise (ó 10 % go 50 % den oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta), cuirfear pointe amháin leis NÓ Má dhírítear leis an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta ar thosaíochtaí beartais breise (níos mó ná 50 % den oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta), cuirfear dhá phointe leis

([2]) I gcás Oibríochtaí Creata, ba cheart an critéar a fhíorú ar leibhéal comhiomlánaithe

([3]) Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi Bhallstáit mheán-nuálaíochta an Aontais Eorpaigh agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh atá ag teacht chun cinn i réimse na nuálaíochta, féach an Scórchlár Nuálaíochta Eorpach ag https://ec.europa.eu/growth/industry/policy/innovation/scoreboards_en

FOSCRÍBHINN 3

Colún 4 – An rannchuidiú airgeadais agus teicniúil a thabharfaidh an comhpháirtí cur chun feidhme

Tábla 1

Maoiniú díreach

Táscairí	Measartha (= 1)	Go maith (= 2)	An-mhaith (= 3)	Den scoth (4)
1. Na sochair airgeadais a ghintear trí idirghabháil an chomhpháirtí cur chun feidhme (ualach: 12,5 %;	FVA ([1]) <= 5 bp	5 bp< FVA<= 30bp	30 bp< FVA<= 100 bp	FVA > 100 bp
	Aon oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta eile nach liostaítear sna ranna seo a leanas.	Tráinsí sinsearacha.	Iasachtaí fo-ordaithe, tráinsí *mezzanine*, bannaí hibrideacha, iasachtaí teagmhasacha agus táirgí ráthaíochta.	Oibríochtaí cothromais agus cuasachothromais.
2. Aibíocht níos faide (ualach: 25 %)	Cruinníonn an faighteoir deiridh cistí go tráthrialta ag aibíochtaí comhchosúla nó is lú ná 30 % síneadh na haibíochta.	D'fhéadfadh an faighteoir deiridh cistí a chruinniú go héasca ag aibíochtaí comhchosúla nó is idir 30 % agus 49 % síneadh na haibíochta.	D'fhéadfadh an faighteoir deiridh cistí a chruinniú ag aibíochtaí comhchosúla, cé gur mhór an t-anró a bheadh ag baint leis, nó is idir 50 % agus 99 % síneadh na haibíochta.	Ní féidir leis an bhfaighteoir deiridh cistí a chruinniú ag aibíochtaí comhchosúla nó is é 100 % nó níos mó síneadh na haibíochta.
3. Tairbhe nó tairbhí eile a ghintear d'fhaighteoirí deiridh (ualach: 12,5 %)	Na gnéithe scórála is infheidhme: (a) solúbthacht íostarraingtí, (b) aisíocaíochtaí snoite, (c) fad na tréimhse infhaighteachta le haghaidh íoc amach, (d) fad na tréimhse cairde, (e) féidearthacht rátaí úis a thiontú/a athbhreithniú,		(f) fad na tréimhse ráta úis sheasta, (g) maoiniú san airgeadra áitiúil laistigh den Aontas Eorpach, (h) rannchuidiú le héagsúlú agus cobhsaíocht mhaoiniú an fhaighteora deiridh, (i) seasamh tánaisteach, (j) eile, le sonrú (amhail ceanglais chomhthaobhachta mar a d'fhéadfaidís teacht chun cinn i gcomhthéacs na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta).	
	Níl aon cheann de na gnéithe thuas infheidhme.	Is infheidhme ceann nó dhó de na gnéithe thuas.	Is infheidhme trí go ceithre cinn de na gnéithe thuas.	Is infheidhme cúig cinn de na gnéithe thuas ar a laghad.
4. Carnadh isteach agus tionchar comharth-aíochta (ualach: 25 %)	Maidir le rannpháirtíocht an chomhpháirtí cur chun feidhme san oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta: (i) níltear ag súil go mbeidh éifeacht spreagtha aige ar chomhairgeadaithe/ráthóirí/ infheisteoirí eile a mhealladh. (e.g. cómhaoiníonn an comhpháirtí cur chun feidhme le cistí an iasachtaí amháin); agus/nó (ii) aon tionchar comharthaíochta sa mhargadh faoi seach.	Maidir le rannpháirtíocht an chomhpháirtí cur chun feidhme san oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta, táthar ag súil go mbeidh tionchar éigin aige ar chomhairgeadaithe/ráthóirí/ infheisteoirí eile a shlógadh agus go gcruthófar léi go bhfuiltear ag súil go mbeidh an oibríocht/na hinfheistíochtaí fónta agus gur fiú tacú leo agus leis sin, éascófar an maoiniú agus an cur chun feidhme ina iomláine.	Maidir le rannpháirtíocht an chomhpháirtí cur chun feidhme san oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta, táthar ag súil go mbeidh tionchar suntasach aige ar chinneadh airgeadaithe/ráthóirí/infheisteoirí eile a bheith tiomanta don oibríocht nó comhinfheistíocht a dhéanamh san oibríocht agus beidh éifeacht láidir spreagtha leis sin. Áirítear leis sin cásanna ina raibh ról lárnach ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme ina chistiú a chomhcheangal le deontais tríú páirtí nó le foirmeacha eile de thacaíocht sheachtrach le haghaidh tionscadail/cláir shonracha.	Maidir le rannpháirtíocht an chomhpháirtí cur chun feidhme san oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta, táthar ag súil go mbeidh an-tábhacht léi ó thaobh teacht ann don oibríocht agus/nó an leibhéal maoiniúcháin a bhfuiltear ag díriú air a bhaint amach (gan an comhpháirtí cur chun feidhme, ní dócha go rachaidh an tionscadal ar aghaidh nó ní rachaidh sé ar aghaidh ar an luas ná ar an méid céanna). Áirítear leis sin e.g. i) an comhpháirtí cur chun feidhme ag glacadh le ról an bhuninfheisteora, ii) comhcheangal na n-iasachtaí ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme le foinsí poiblí tríú páirtí agus/nó foinsí príobháideacha.

5. Comhairle airgeadais agus/nó saineolas struchtúraithe (ualach: 12,5 %)	Ní éilítear saineolas struchtúraithe airgeadais an chomhpháirtí cur chun feidhme agus táthar ag súil gur beag an rannpháirtíocht a ghlacfaidh an comhpháirtí cur chun feidhme. Ní thairbhíonn tionscnamh na hinfheistíochta de shaineolas an chomhpháirtí cur chun feidhme.	Táthar ag súil go mbeidh tionchar dearfach ag saineolas struchtúraithe airgeadais an chomhpháirtí cur chun feidhme ar struchtúr maoiniúcháin na hinfheistíochta agus táthar ag súil go mbeidh luach ag baint leis don chontrapháirtí, agus/nó táthar ag súil go dtairbheoidh tionscnamh na hinfheistíochta de shaineolas an chomhpháirtí cur chun feidhme.	Táthar ag súil go mbeidh tionchar suntasach ag saineolas struchtúraithe airgeadais an chomhpháirtí cur chun feidhme ar struchtúr maoiniúcháin na hinfheistíochta agus táthar ag súil go mbeidh luach nach beag ag baint leis don chontrapháirtí (e.g. trí dhlús a chur le deireadh na bliana airgeadais nó trí struchtúir chaighdeánaithe a chur i bhfeidhm etc.), agus/nó táthar ag súil go dtairbheoidh tionscnamh na hinfheistíochta de shaineolas an chomhpháirtí cur chun feidhme.	Táthar ag súil go mbeidh rannchuidiú nuálach ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme lena shaineolas struchtúraithe airgeadais agus táthar ag súil go mbeidh luach ard ag baint leis don chontrapháirtí (e.g. trí dhlús a chur go suntasach le deireadh na bliana airgeadais nó trí struchtúir chaighdeánaithe a chur i bhfeidhm maidir le cásanna casta, cúnamh teicniúil nó tacaíocht chomhairleach maidir le struchtúrú airgeadais na hoibríochta, do shaineolaithe na hearnála airgeadais etc.).
6. Comhairle theicniúil agus rannchuidiú teicniúil (ualach: 12,5 %)	Níor theastaigh saineolas teicniúil ná seirbhísí comhairleacha an chomhpháirtí cur chun feidhme ón bhfaighteoir deiridh.	Áirithítear le comhairle theicniúil an chomhpháirtí cur chun feidhme cáilíocht na hinfheistíochta trí choinníollacha eisíoca a bhaineann go sainiúil le gach tionscadal, idirghabhálacha *ad-hoc* (e.g. misin faireacháin chun comhlíontacht le coinníollacha eisíoca a áirithiú). NÓ Tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn an tionscadail.	Tacaíonn an comhpháirtí cur chun feidhme le hullmhúchán teicniúil nó le struchtúrú teicniúil na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta chun gur fearr a dhéanfar í a ailíniú leis na cuspóirí beartais. NÓ Ionchuir spriocdhírithe (theicniúla, eacnamaíocha, sholáthair, aeráide, chomhshaoil, shóisialta), agus treoraíocht luachmhar ar ghnéithe tionscadal nó ar roghanna dearaidh, idirghabhálacha tráthrialta (e.g. misin faireacháin chun comhlíonadh caighdeán a áirithiú). NÓ Faireachán spriocdhírithe (ó thaobh an tsoláthair, na haeráide, an chomhshaoil nó na sochaí de).	Tacaíonn an comhpháirtí cur chun feidhme le hullmhúchán teicniúil nó le struchtúrú teicniúil na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta chun go ndéanfar í a ailíniú leis na cuspóirí beartais ina hiomláine. NÓ Tá an-tionchar ag tacaíocht theicniúil an chomhpháirtí cur chun feidhme ar cháilíocht theicniúil nó eacnamaíoch na hinfheistíochta, go sonrach tríd an gcúnamh teicniúil sonrach nó tacaíocht chomhairleach a sholáthraítear. NÓ Faireachán fisiciúil suntasach, amhail le haghaidh tionscadail chasta nó tionscadail ardriosca.

([1]) FVA = an luach airgeadais a chuirtear leis. Sonraítear leis an difríocht idir an rogha mhargaidh eile is gaire (costas cistiúcháin malartach) don fhaighteoir deiridh agus praghas na hiasachta a sholáthraíonn an comhpháirtí cur chun feidhme. Féadfar costas cistiúcháin malartach an fhaighteora deiridh a chinneadh trí thagairt dhíreach do bhanna leachtach nó d'iasacht a síníodh le gairid ón eisitheoir céanna ar feadh tréimhse chomhchosúil leis an tréimhse a bhain leis an iasacht a sholáthair an comhpháirtí cur chun feidhme. I gcómhaoiniú, is í an chomparáid is ábhartha ná an tsaoráid tráchtála chomhthreomhar, ar choinníoll gurb eol an praghas agus go bhfuil na struchtúir inchomparáide go leor. Mar mhalairt air sin, murab ann d'ionstraim den sórt sin, is féidir banna/iasacht a eisíonn eintiteas inchomparáide a úsáid ina hionad. Díorthófar praghsáil sa mhargadh ó leibhéil trádála phríomhúla agus thánaisteacha na mbannaí nó na n-iasachtaí a roghnaítear lena n-áirítear na táillí bliantúlaithe. Mar gheall go bhfuil an-éagsúlacht ann ó thaobh na praghsála de maidir leis an gcuid is mó de bhannaí margaidh tánaisteacha, ba cheart féachaint chuige go léirítear leis an gcostas cistiúcháin malartach a roghnaítear meáin níos fadtéarmaí nó dálaí margaidh reatha má táthar ag súil go dtiocfaidh siad chun cinn.

Tábla 2

Maoiniú idirghafa

Táscairí	Measartha (= 1)	Go maith (= 2)	An-mhaith (= 3)	Den scoth (4)
1. Na sochair airgeadais a ghintear trí idirghabháil an chomhpháirtí cur chun feidhme (ualach: 35 %)	Aon oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta eile nach liostaítear sna ranna seo a leanas.	Tráinsí sinsearacha.	Iasachtaí fo-ordaithe, tráinsí *mezzanine*, bannaí hibrideacha, iasachtaí teagmhasacha agus táirgí ráthaíochta.	Oibríochtaí cothromais agus cuasachothromais.
2. Carnadh isteach agus tionchar comharth-aíochta (ualach: 40 %)	Maidir le rannpháirtíocht an chomhpháirtí cur chun feidhme san oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta: (i) níltear ag súil go mbeidh éifeacht spreagtha aige ar chomhairgeadaithe/ráthóirí/ infheisteoirí eile a mhealladh. (e.g. cómhaoiníonn an comhpháirtí cur chun feidhme le cistí an iasachtaí amháin); agus/nó (ii) aon tionchar comharthaíochta sa mhargadh faoi seach.	Maidir le rannpháirtíocht an chomhpháirtí cur chun feidhme san oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta, táthar ag súil go mbeidh tionchar éigin aige ar chomhairgeadaithe/ráthóirí/ infheisteoirí eile a shlógadh agus go gcruthófar léi go bhfuiltear ag súil gur fónta a bheidh na hinfheistíochtaí agus gur fiú tacú leo agus leis sin, éascófar an maoiniú agus an cur chun feidhme ina iomláine.	Maidir le rannpháirtíocht an chomhpháirtí cur chun feidhme san oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta, táthar ag súil go mbeidh tionchar suntasach aige ar chinneadh airgeadaithe/ráthóirí/ infheisteoirí eile a bheith tiomanta don oibríocht nó comhinfheistíocht a dhéanamh san oibríocht agus beidh éifeacht láidir spreagtha leis sin. Áirítear leis sin cásanna ina raibh ról lárnach ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme ina chistiú a chomhcheangal le deontais tríú páirtí nó le foirmeacha eile de thacaíocht sheachtrach le haghaidh tionscadail/cláir shonracha.	Maidir le rannpháirtíocht an chomhpháirtí cur chun feidhme san oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta, táthar ag súil go mbeidh an-tábhacht léi ó thaobh teacht ann don oibríocht agus/nó an leibhéal maoiniúcháin a bhfuiltear ag díriú air a bhaint amach. Áirítear leis sin e.g. i) an comhpháirtí cur chun feidhme ag glacadh le ról an bhuninfheisteora, ii) comhcheangal na n-iasachtaí ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme le foinsí poiblí tríú páirtí agus/nó foinsí príobháideacha.
3. Comhairle airgeadais agus saineolas struchtúraithe (ualach: 12,5 %)	Ní éilítear saineolas struchtúraithe airgeadais an chomhpháirtí cur chun feidhme agus táthar ag súil gur beag an rannpháirtíocht a ghlacfaidh an comhpháirtí cur chun feidhme. Ní thairbhíonn tionscnamh na hinfheistíochta de shaineolas an chomhpháirtí cur chun feidhme.	Táthar ag súil go mbeidh tionchar dearfach ag saineolas struchtúraithe airgeadais an chomhpháirtí cur chun feidhme ar struchtúr maoiniúcháin na hinfheistíochta agus táthar ag súil go mbeidh luach ag baint leis don chontrapháirtí, agus/nó táthar ag súil go dtairbheoidh tionscnamh na hinfheistíochta de shaineolas an chomhpháirtí cur chun feidhme.	Táthar ag súil go mbeidh tionchar suntasach ag saineolas struchtúraithe airgeadais an chomhpháirtí cur chun feidhme ar struchtúr maoiniúcháin na hinfheistíochta agus táthar ag súil go mbeidh luach nach beag ag baint leis don chontrapháirtí (e.g. trí dhlús a chur le deireadh na bliana airgeadais nó trí struchtúir chaighdeánaithe a chur i bhfeidhm etc.), agus/nó táthar ag súil go dtairbheoidh tionscnamh na hinfheistíochta de shaineolas an chomhpháirtí cur chun feidhme.	Táthar ag súil go mbeidh rannchuidiú nuálach ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme lena shaineolas struchtúraithe airgeadais agus táthar ag súil go mbeidh luach ard ag baint leis don chontrapháirtí (e.g. trí dhlús a chur go suntasach le deireadh na bliana airgeadais nó trí struchtúir chaighdeánaithe a chur i bhfeidhm maidir le cásanna casta, cúnamh teicniúil nó tacaíocht chomhairleach maidir le struchtúrú airgeadais na hoibríochta, do shaineolaithe na hearnála airgeadais etc.).

4. Comhairle theicniúil agus rannchuidiú teicniúil (ualach: 12,5 %)	Níltear ag súil go soláthróidh an comhpháirtí cur chun feidhme aon chomhairle theicniúil ná aon fhothú acmhainneachta don idirghabhálaí.	Táthar ag súil go leagfaidh an comhpháirtí cur chun feidhme coinníollacha áirithe síos a bhaineann leis na hidirbhearta foluiteacha a chur chun feidhme agus soláthraíonn sé comhairle don idirghabhálaí chun iad a roghnú nó beidh sé ag súil go dteastóidh comhairle ón idirghabhálaí maidir le cur chun feidhme na gcritéar a bhaineann leis an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta.	Tá súil ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme a bheith rannpháirteach sa chúnamh teicniúil nó san oiliúint a sholáthrófar don idirghabhálaí d'fhonn feabhas a chur ar a fheidhmíocht nó ar a acmhainn chun ceanglais a chomhlíonadh (e.g. maidir le tuairisciú, incháilitheacht, gnéithe inbhuanaitheachta agus caighdeáin soláthair). Táthar ag súil go ngabhfaidh an cúnamh thar dhícheall cuí caighdeánach an chomhpháirtí cur chun feidhme ag céim an bhreithmheasa.	Táthar ag súil go soláthrófar cúnamh teicniúil forleathan nó comhairle theicniúil fhorleathan chun tacaíocht a thabhairt don idirghabhálaí chun deighleoga gnó ag a mbeidh tionchar ar leith a fhorbairt mar a léirítear i réimsí beartais de InvestEU. Táthar ag súil go ngabhfaidh an cúnamh thar dhícheall cuí caighdeánach an chomhpháirtí cur chun feidhme ag céim an bhreithmheasa.

FOSCRÍBHINN 4

Colún 5 – Tionchar na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta

Tábla 1

Maoiniú díreach

		Tionchar na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta			
		Measartha (= 1)	Go maith (= 2)	An-mhaith (= 3)	Den scoth (4)
1. An tionchar eacnamaíoch agus fáis (ERR) (ualach: 40 %) NÓ Measúnú cáilíochtúil (1)		> 0 % - 5 %	5 %-7 %	7 %-10 %	> 10 %
		Déanfar an scóráil bunaithe ar mheasúnú cáilíochtúil cuí-réasúnaithe ar chostais agus tairbhí socheacnamaíocha an tionscadail, agus ar an rannchuidiú a mheastar a bheidh aige ar ghníomhaíocht agus fás eacnamaíoch.			
2. An tionchar ar an bhfostaíocht (ualach: 15 %)		Céim na tógála/an chéim chur chun feidhme (FTE/EUR milliún) < 3	Céim na tógála/an chéim chur chun feidhme (FTE/EUR milliún) 3-6	Céim na tógála/cur chun feidhme (FTE/EUR milliún) 6-8	Céim na tógála/cur chun feidhme (FTE/EUR milliún) > 8
		An chéim oibríochta (FTE/EUR milliún) < 0.4	An chéim oibríochta (FTE/EUR milliún) 0.4-0.7	An chéim oibríochta (FTE/EUR milliún) 0.7-1.1	An chéim oibríochta (FTE/EUR milliún) > 1.1
3. Gnéithe a bhaineann leis an measúnú in-bhuanaitheachta (ualach – 45 %) + bónas	a. An Aeráid (ualach: 15 %)	Níl na tionchair dhiúltacha maolaithe go hiomlán, gan tionchar dearfach suntasach.	Tá na tionchair dhiúltacha maolaithe i bpáirt, tionchar dearfach éigin.	Tá na tionchar dhiúltacha maolaithe go hiomlán, tionchar dearfach suntasach.	Tá na tionchar dhiúltacha maolaithe go hiomlán, tionchar dearfach an-substaintiúil.
	b. An comhshaol (ualach: 15 %)	Níl na tionchair dhiúltacha maolaithe go hiomlán, gan tionchar dearfach suntasach.	Tá na tionchair dhiúltacha maolaithe i bpáirt, tionchar dearfach éigin.	Tá na tionchair dhiúltacha maolaithe go hiomlán, tionchar dearfach suntasach.	Tá na tionchair dhiúltacha maolaithe go hiomlán, tionchar dearfach an-substaintiúil.
	c. An ghné shóisialta (ualach: 15 %)	Níl na tionchair dhiúltacha maolaithe go hiomlán, gan tionchar dearfach suntasach.	Tá na tionchair dhiúltacha maolaithe i bpáirt, tionchar dearfach éigin.	Tá na tionchair dhiúltacha maolaithe go hiomlán, tionchar dearfach suntasach.	Tá na tionchair dhiúltacha maolaithe go hiomlán, tionchar dearfach an-substaintiúil.
	Bónas Seicliosta an chláir oibre dhearfaigh (ualach: 22,5 % san iomlán le haghaidh na dtrí ghné)	n/bh	n/bh	n/bh	Más ea, féach tábla 3 le haghaidh tuilleadh sonraí

(1) Ba cheart do na comhpháirtithe cur chun feidhme míniú a thabhairt maidir le cén fáth nach féidir ERR a ríomh.

Tábla 2

Gnéithe den mheasúnú inbhuanaitheachta – faisnéis mhionsonraithe (maoiniú díreach)

		Réasúnta	Go maith	An-mhaith	Den scoth
An aeráid 15 %	Tionchair dhiúltacha agus rioscaí a bhaineann leis an tionscadal ([1]) (ualach: 50 %)	— Tá roinnt ábhar imní nach beag a bhaineann le maolú agus/nó oiriúnú don athrú aeráide nach féidir a mhaolú nó a chúiteamh go hiomlán. — Tá rioscaí **arda** a bhaineann leis an athrú aeráide os comhair an tionscadail, agus cuireadh roinnt bearta maolaithe chun feidhme a thugann aghaidh ar chuid de na rioscaí sin.	— Laghdaíodh tionchair dhiúltacha shuntasacha nó cuireadh teorainn leo trí bhearta a bheartaítear chun éifeachtaí díobhálacha nach beag arna sainaithint a sheachaint, a chosc, a laghdú nó, más féidir é, a sheach-chur. — Tá **meán**-rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide os comhair an tionscadail, agus cuireadh bearta maolaithe chun feidhme a thugann aghaidh ar chuid de na rioscaí sin.	— Tá roinnt tionchair dhiúltacha fós ann tar éis na bearta maolaithe a chur chun feidhme, ach níl siad suntasach agus ní mheastar go bhfuil gá le haon bheart eile. — Tá meán-rioscaí nó rioscaí arda a bhaineann leis an athrú aeráide os comhair an tionscadail go fóill, agus tá siad maolaithe agus deabhainistithe.	— Níl aon tionchar diúltach ann nó níl ann ach tionchair dhiúltacha fhánacha tar éis na mbeart maolaithe (nó ní cheanglaítear maolú ina leith), tá rioscaí ísle a bhaineann leis an athrú aeráide os comhair an tionscadail. NÓ — Rioscaí arda nó meán-rioscaí atá maolaithe go hiomlán.
	Tionchair dhearfacha mar thoradh ar an tionscadal, ní dhearna an tionscnóir tionscadail/faighteoir deiridh aon bheart deonach ([2]) (ualach: 50 %)	Níor sainaithníodh aon tionchar dearfach suntasach.	D'fhéadfaí roinnt tionchair dhearfacha maidir le maolú nó oiriúnú don athrú aeráide a shainaithint.	Tionchair dhearfacha shuntasacha (luaitear go sainráite an cuspóir maidir le rannchuidiú le maolú nó oiriúnú don athrú aeráide, ach ní hé sin an chúis bhunúsach ar tugadh faoin tionscadal).	Tionchair dhearfacha shubstaintiúla (tá an tionscadal tiomnaithe go hiomlán do mhaolú nó oiriúnú don athrú aeráide, is é sin an chúis bhunúsach ar tugadh faoin tionscadal).
Bearta deonacha arna ndéanamh chun feidhmíocht aeráide an tionscadail a fheabhsú *(ualach: 7,5 % (bónas))*		*Ar bhonn deonach, déanfaidh an tionscnóir tionscadail, faoi threoraíocht an chomhpháirtí cur chun feidhme, ceann amháin nó níos mó de na gníomhartha seo a leanas, de réir mar is ábhartha don tionscadal:* — *gabhfaidh sé don mheasúnú aeráide (oiriúnú agus/nó maolú) le haghaidh tionscadail maoiniúcháin dhírigh faoin tairseach*			
An comhshaol 15 %	Tionchair dhiúltacha agus rioscaí a bhaineann leis an tionscadal (50 %)	tá roinnt tionchair dhiúltacha nó rioscaí nach beag nár maolaíodh go hiomlán	laghdaíodh tionchair dhiúltacha nó rioscaí nach beag nó cuireadh teorainn leo trí bhearta a bheartaítear chun aon éifeacht dhíobhálach nach beag arna sainaithint a sheachaint, a chosc, a laghdú nó, más féidir é, a sheach-chur))	tá roinnt tionchair dhiúltacha nó rioscaí fós ann tar éis an mhaolaithe, ach níl siad suntasach agus níl gá le bearta eile	níl aon tionchar diúltach nó riosca ann nó níl ann ach tionchair dhiúltacha nó rioscaí fánacha tar éis an mhaolaithe (nó ní cheanglaítear maolú ina leith)

		Réasúnta	Go maith	An-mhaith	Den scoth
	Tionchair dhearfacha mar thoradh ar an tionscadal, ní dhearna an tionscnóir tionscadail/faighteoir deiridh aon bheart deonach (ualach: 50 %)	gan tionchair dhearfacha suntasacha	d'fhéadfaí roinnt tionchair dhearfacha ar ghnéithe den chomhshaol a shainaithint	tionchair dhearfacha shuntasacha (luaitear go sainráite an cuspóir maidir le rannchuidiú leis an gcomhshaol, ach ní hé sin an chúis bhunúsach ar tugadh faoin tionscadal)	tionchair dhearfacha shubstaintiúla (tá an tionscadal tiomnaithe go hiomlán don chuspóir maidir leis an gcomhshaol, is é sin an chúis bhunúsach ar tugadh faoin tionscadal)
Bearta deonacha arna ndéanamh chun feidhmíocht chomhshaoil an tionscadail a fheabhsú (ualach: 7,5 % (bónas)) (bónas)	*Ar bhonn deonach, déanfaidh an tionscnóir tionscadail, faoi threoraíocht an chomhpháirtí cur chun feidhme, ceann amháin nó níos mó de na gníomhartha seo a leanas, de réir mar is ábhartha don tionscadal:* *— déanann an tionscnóir tionscadail/faighteoir deiridh bearta chun feidhmíocht chomhshaoil an tionscadail a fheabhsú, lena n-áirítear trí bhearta a chur chun feidhme chun na tionchair dhiúltacha a mhaolú/a chúiteamh tuilleadh*				
Sóisialta 15 %	Tionchair dhiúltacha agus rioscaí a bhaineann leis an tionscadal (ualach: 50 %)	Tá roinnt tionchair dhiúltacha shuntasacha nach féidir a mhaolú nó a chúiteamh go hiomlán.	Laghdaíodh roinnt tionchair dhiúltacha shuntasacha nó cuireadh teorainn leo trí bhearta a bheartaítear chun éifeachtaí díobhálacha nach beag arna sainaithint a sheachaint, a chosc, a laghdú nó, más féidir é, a sheachchur.	Tá roinnt tionchair dhiúltacha fós ann tar éis an mhaolaithe, ach níl siad suntasach agus níl gá le bearta cúitimh	Níl aon tionchar diúltach sealadach ann nó níl ann ach tionchair dhiúltacha shealadacha fhánacha tar éis an mhaolaithe (nó ní cheanglaítear maolú ina leith)
	Tionchair dhearfacha mar thoradh ar an tionscadal, ní dhearna an tionscnóir tionscadail/faighteoir deiridh aon bheart deonach (ualach: 50 %)	Gan tionchair dhearfacha shuntasacha	D'fhéadfaí roinnt tionchair dhearfacha maidir leis na gnéithe sóisialta a shainaithint.	Tionchair dhearfacha nach beag (luaitear go sainráite an cuspóir maidir le rannchuidiú le gnéithe sóisialta, ach ní hé sin an chúis bhunúsach ar tugadh faoin tionscadal)	Tionchair dhearfacha shubstaintiúla (tá an tionscadal tiomnaithe go hiomlán do chuspóirí sóisialta, is é sin an chúis bhunúsach ar tugadh faoin tionscadal)
Bearta deonacha arna ndéanamh chun feidhmíocht shóisialta an tionscadail a fheabhsú (ualach: 7,5 % (bónas))	*Ar bhonn deonach, déanfaidh an tionscnóir tionscadail, faoi threoraíocht an chomhpháirtí cur chun feidhme, ceann amháin nó níos mó de na gníomhartha seo a leanas, de réir mar is ábhartha don tionscadal:* *— déanann an tionscnóir tionscadail/faighteoir deiridh bearta deonacha chun feidhmíocht shóisialta an tionscadail a mhéadú*				

([1]) An tionscadal sa bhrí chuimsitheach lena n-áirítear mar shampla bearta cúitimh agus maolaithe ábhartha a cuireadh i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar ábhar imní faoi athrú aeráide maidir le maolú (i.e. astaíochtaí gás ceaptha teasa) agus oiriúnú (i.e. aghaidh a thabhairt ar na guaiseacha, na tionchair agus na rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide).

([2]) Mar a thuairiscítear sa treoirdhoiciméad maidir le measúnú inbhuanaitheachta faoi mholtaí an chláir oibre dhearfaigh.

Tábla 3

Maoiniú Idirghafa

Tionchar na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta				
	Measartha (= 1)	Go maith (= 2)	An-mhaith (= 3)	Den scoth (4)
1. Rochtain ar mhaoiniú a mhéadú agus dálaí maoiniúcháin d'fhaighteoirí deiridh a fheabhsú (ualach: 80 %)				
a. An scála maoiniúcháin a bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh an t-idirghabhálaí airgeadais é a chur ar fáil d'fhaighteoirí deiridh, scála a bhaineann le maoiniú a fhaigheann tacaíocht ó InvestEU (ualach: 30 %	Scála teoranta ionchasach an mhaoiniúcháin, (< 2 uair).	Scála measartha ionchasach an mhaoiniúcháin (idir 2 agus 3 huaire).	Scála ard ionchasach an mhaoiniúcháin, (idir 3 agus 5 huaire).	Scála an-ard ionchasach an mhaoiniúcháin, (thar 5 huaire).
b. Tairbhí do na faighteoirí deiridh ([1]) (ualach: 30 %	Tugann an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta deis don idirghabhálaí/na do hidirghabhálaithe téarmaí níos fabhraí a thairiscint d'fhaighteoirí deiridh trí: (a) solúbthacht íostarraingtí, (b) aisíocaíochtaí snoite (c) fad na tréimhse infhaighteachta le haghaidh íocaíochtaí amach, (d) fad na tréimhse cairde, (e) aibíocht níos faide, (f) maoiniú san airgeadra áitiúil laistigh den Aontas Eorpach,		(g) rannchuidiú le héagsúlú agus cobhsaíocht mhaoiniú an fhaighteora deiridh (h) infhaighteacht an fhiachais mhalartaigh neamhbhaincéireachta agus/nó an mhaoinithe cothromais a mhéadú, (i) seasamh tánaisteach, (j) ceanglais chomhthaobhacha, (k) an t-idirghabhálaí chun an buntáiste airgeadais a aistriú chuig an bhfaighteoir deiridh, (l) eile, le sonrú (mar a d'fhéadfaidís teacht chun cinn i gcomhthéacs na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta).	
	Níl aon cheann de na gnéithe thuas infheidhme.	Is infheidhme ceann nó dhó de na gnéithe thuas.	Is infheidhme dhá cheann nó trí cinn de na gnéithe thuas.	Is infheidhme níos mó ná trí cinn de na gnéithe thuas.
c. An tionchar ionchais ar an éiceachóras airgeadais (ualach: 20 %)	Gníomhaíochtaí maoiniúcháin/infheistíochta a bhfuiltear ag súil go dtabharfar tacaíocht leo d'idirghabhálaithe dea-bhunaithe, agus bealaí maoiniúcháin reatha a choinneáil ar bun ar leibhéal áitiúil den chuid is mó le cros-toirchiú nó idirghníomhaíochtaí teoranta leis an éiceachóras i gcoitinne.	Gníomhaíochtaí maoiniúcháin/ infheistíochta atáthar ag súil a thabharfaidh tacaíocht a bheag nó a mhór d'idirghabhálaithe dea-bhunaithe, bealaí maoiniúcháin a mhéadú nó a leathnú thar a n-éiceachóras áitiúil chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí beartais InvestEU mar a shainmhínítear in Airteagail 3 agus 8 de Rialachán InvestEU.	Táthar ag súil go seachadfar cuid shuntasach de na gníomhaíochtaí maoiniúcháin/infheistíochta trí thacaíocht a thabhairt d'idirghabhálaithe nua, lena n-áirítear catagóir nua idirghabhálaithe, nó trí shásraí maoiniúcháin nó bealaí infheistíochta malartacha a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí beartais InvestEU mar a shainmhínítear in Airteagail 3 agus 8 de Rialachán InvestEU.	Tá sé mar aidhm ag gníomhaíochtaí maoiniúcháin/infheistíochta tacaíocht a thabhairt d'idirghabhálacha nua in earnáil i gcomhréir leis na tosaíochtaí beartais mar a shainmhínítear sna comhaontuithe ráthaíochta, nó ingearach, agus/nó trí chomhpháirtíochtaí a chothú, ardáin a fhorbairt nó comhoibrithe córasacha ar shlí eile laistigh den éiceachóras i gcoitinne chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí beartais InvestEU mar a shainmhínítear in Airteagail 3 agus 8 de Rialachán InvestEU.

2. **Fostaíocht (ualach: 20 %)**				
An líon post a bhfuiltear ag súil go dtabharfar tacaíocht dóibh ar leibhéal na bhfaighteoirí deiridh (ualach: 20 %)	An líon post (lena n-áirítear poist shéasúracha agus poist pháirtaimseartha) agus/nó an líon daoine féinfhostaithe a bhfuiltear ag súil go dtabharfar tacaíocht dóibh in aghaidh gach milliún EUR den chistiú ón gcomhpháirtí cur chun feidhme, táthar ag súil go mbeidh sé: — le haghaidh ráthaíochtaí: níos lú ná 50, — le haghaidh cothromais: níos lú ná 5.	An líon post (lena n-áirítear poist shéasúracha agus poist pháirtaimseartha) agus/nó an líon daoine féinfhostaithe a bhfuiltear ag súil go dtabharfar tacaíocht dóibh in aghaidh gach milliún EUR den chistiú ón gcomhpháirtí cur chun feidhme, táthar ag súil go mbeidh sé: — le haghaidh ráthaíochtaí: idir 50-100, — le haghaidh cothromais: idir 5 agus 10.	An líon post (lena n-áirítear poist shéasúracha agus poist pháirtaimseartha) agus/nó an líon daoine féinfhostaithe a bhfuiltear ag súil go dtabharfar tacaíocht dóibh in aghaidh gach milliún EUR den chistiú ón gcomhpháirtí cur chun feidhme, táthar ag súil go mbeidh sé: — le haghaidh ráthaíochtaí: idir 100 agus 175, — le haghaidh cothromais: idir 10 agus 15.	An líon post (lena n-áirítear poist shéasúracha agus poist pháirtaimseartha) agus/nó an líon daoine féinfhostaithe a bhfuiltear ag súil go dtabharfar tacaíocht dóibh in aghaidh gach milliún EUR den chistiú ón gcomhpháirtí cur chun feidhme, táthar ag súil go mbeidh sé: — le haghaidh ráthaíochtaí: os cionn 300, — le haghaidh cothromais: os cionn 15.

([1]) I gcás Oibríochtaí Creata, ba cheart don chomhpháirtí cur chun feidhme a thabhairt le fios cén cineál tairbhithe a bhfuiltear ag súil go ndéanfar iad a bhaint amach go córasach leis na fothionscadail fholuiteacha.

FOSCRÍBHINN 5

Colún 6 – Próifíl airgeadais na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta

Leagtar amach samplaí sa tábla seo a leanas de tháscairí próifíle airgeadais is féidir a úsáid le haghaidh oibríochtaí de chineál fiachais agus de chineál cothromais. Ag brath ar shaintréithe na dtáirgí/bpunann airgeadais, féadfaidh comhpháirtí cur chun feidhme táscairí difriúla a sholáthar. I gcás Oibríochtaí Creata, beidh ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme aon cheann díobh seo a leanas a sholáthar: an raon rátálacha d'fho-thionscadail fholuiteacha is inghlactha, an mheán-rátáil, raon na rátaí aistrithe, nó gnéithe ábhartha eile má tá fáil orthu, amhail caillteanas ionchasach agus fad na punainne foluití/na bpunann foluiteach.

Oibríochtaí de chineál fiachais [1]		**Sampla 1**	**Sampla 2**
	Táscaire den phróifíl airgeadais (i gcomhréir leis an gcomhaontú ráthaíochta)	Caillteanas ionchasach	Rátaí aistrithe
	Raon (i gcás inarb ábhartha, mar a shainmhínítear sa chomhaontú ráthaíochta)	X % ≤ EL ≤ Y %	n/bh
	Méadracht Fholuiteach	Caillteanas ionchasach na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta Caillteanas ionchasach an táirge/na punainne airgeadais	An ráta aistrithe is infheidhme maidir leis an bpunann/táirge airgeadais ábhartha bunaithe ar chaillteanas ionchasach na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta
Oibríochtaí de chineál cothromais	**Táscaire den phróifíl airgeadais** (i gcomhréir leis an gcomhaontú ráthaíochta)	Ráta Toraidh Inmheánach (IRR), rátáil contrapháirtí le haghaidh cistí nó méadracht(aí) ábhartha eile a bheidh le comhaontú sa chomhaontú ráthaíochta Rátáil an chontrapháirtí, i gcás ina bhfuil sé ar fáil	
	Raon (i gcás inarb ábhartha, mar a shainmhínítear sa chomhaontú ráthaíochta)	X ≤ IRR nó méadracht(aí) ábhartha eile ≤ Y	
	Méadracht Fholuiteach	Ráta Toraidh Inmheánach (IRR), le haghaidh cistí nó méadracht(aí) ábhartha eile a bheidh le comhaontú sa chomhaontú ráthaíochta Rátáil an chontrapháirtí	

[1] Lena n-áirítear ráthaíochtaí caidhpeáilte agus neamh-chaidhpeáilte.

FOSCRÍBHINN 6

Colún 7 - Táscairí comhlántacha

Na luachanna atáthar ag súil a bhaint amach ag deireadh shaolré an tionscadail ([1]).

Le haghaidh na n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta uile:

(a) an éifeacht ghiarála agus an éifeacht iolraitheora

(b) méid na hinfheistíochta a shlógtar

(c) (líon) measta na sprioc-fhaighteoirí deiridh

(d) infheistíocht lena dtugtar tacaíocht do chuspóirí aeráide ([2])

(e) infheistíocht lena dtugtar tacaíocht do chuspóirí comhshaoil[(2)]

(f) infheistíocht lena dtugtar tacaíocht do dhigitiú[(2)]

(g) infheistíocht lena dtugtar tacaíocht d'aistriú tionsclaíoch[(2)]

(h) infheistíocht lena dtugtar tacaíocht d'aistriú cóir[(2)]

(i) infheistíocht le haghaidh soláthar bonneagair chriticiúil[(2)]

(j) infheistíocht i gcibearshlándáil, spás agus cosaint[(2)]

(k) i gcás comhcheangail le foinsí eile de chuid an Aontais, tásc maidir leis an gcomhpháirt neamh-inaisíoctha nó an chomhpháirt ionstraime airgeadais ó chláir eile de chuid an Aontais[(2)]

(l) táscairí eile a bhaineann go sonrach le hoibríochtaí a cheanglaítear le táirge airgeadais na hoibríochta maoiniúcháin nó infheistíochta, más infheidhme

I gcás inarb infheidhme, ag brath ar ionú agus ar réimse beartais na hoibríochta agus ar an gcineál oibríochta (oibríocht dhíreach nó indíreach):

Ionú bonneagair inbhuanaithe

Fuinneamh:

(a) acmhainneacht bhreise a shuiteáiltear maidir le fuinneamh in-athnuaite agus fuinneamh sábháilte inbhuanaithe eile a bhfuil astaíochtaí ísle agus nialasacha ag baint leis a ghiniúint (i meigeavatanna (MW))

(b) líon na dteaghlach, líon na n-áitreabh poiblí agus tráchtála a bhfuil aicmiú ídithe fuinnimh feabhsaithe acu

(c) coigilteas fuinnimh measta a ghintear leis an tionscadal/na tionscadail (i gcileavatuair (kWh))

(d) astaíochtaí gás ceaptha teasa in aghaidh na bliana a laghdaítear nó a sheachnaítear i gcoibhéis tona CO_2

(e) méid na hinfheistíochta a dhéantar i mbonneagar fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt, a dhéanamh níos cliste agus a nuachóiriú

Gnóthaí digiteacha:

teaghlaigh bhreise, fiontair bhreise nó foirgnimh phoiblí bhreise a bhfuil rochtain leathanbhanda 100 Mbps ar a laghad acu a fhéadtar a uasghrádú go luas gigighiotáin, nó líon na mol Wi-Fi a chruthaítear

Iompar:

(a) is oibríocht trasteorann í an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta agus/nó rannchuidíonn sí le tionscadail lena ndírítear ar naisc in easnamh (lena n-áirítear tionscadail a bhaineann le nóid uirbeacha, naisc iarnróid trasteorann réigiúnacha, ardáin ilmhódacha, calafoirt mhuirí, calafoirt intíre, naisc go haerfoirt agus críochfoirt iarnróid atá ar chroíghréasán TEN-T agus ar an ngréasán cuimsitheach)

(b) rannchuidíonn an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta leis an iompar a dhigitiú, go háirithe trí Chóras Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) a chur chun úsáide, an Córas um Fhaisnéis Abhann (RIS), an Córas Cliste Iompair (CCI), córas faireacháin agus faisnéise um thrácht árthach (VTMIS)/ríomhsheirbhísí muirí agus taighde um bainistíocht aerthráchta maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair (SESAR)

(c) líon na bpointí soláthair breoslaí malartacha a thógtar nó a ndéantar uasghrádú orthu

(d) rannchuidíonn an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta le sábháilteacht an iompair

An comhshaol:

an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta a rannchuidíonn le pleananna agus cláir a chur chun feidhme a cheanglaítear faoi *acquis* comhshaoil an Aontais maidir le cáilíocht an aeir, uisce, dramhaíl agus an dúlra

Ionú maidir le taighde, nuálaíocht agus digitiú

(a) líon na bhfiontar a dhéanann tionscadail taighde agus nuálaíochta

(b) rannchuidiú leis an gcuspóir 3 % d'olltáirgeacht intíre (OTI) an Aontais a infheistiú sa taighde, san fhorbairt agus sa nuálaíocht

Ionú FBM

(a) líon na bhfiontar a dtugtar tacaíocht dóibh

(b) an méid leithdháilte atá tiomnaithe do FBManna/fhiontair mheánchaipitlithe (%), más féidir é a mheas go réasúnach tráth na haighneachta

Ionú maidir le hinfheistíocht shóisialta agus scileanna

(a) bonneagar sóisialta: Acmhainneacht agus rochtain ar bhonneagar sóisialta a dtugtar tacaíocht dó de réir earnála: tithíocht, an t-oideachas, an tsláinte agus eile

(b) micreamhaoiniú agus maoiniú fiontair shóisialta: Líon na bhfaighteoirí micreamhaoinithe agus na bhfiontar sóisialta a dtugtar tacaíocht dóibh

(c) scileanna: Líon na ndaoine aonair atá ag sealbhú scileanna nua nó ar bailíochtaíodh nó ar deimhníodh a gcuid scileanna: cáilíocht fhoirmiúil, oideachais agus oiliúna

Maidir le hoibríochtaí díreacha, más infheidhme:

(a) Tús agus críoch na n-oibreacha

(b) Costais infheistíochta an tionscadail

(c) Cóimheas inscne:

  (i) foireann bainistíochta an Fhaighteora Deiridh;

  (ii) an fórsa oibre;

  (iii) úinéireacht (fiontraíocht).

Le haghaidh oibríochtaí idirghafa:

Gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais

Táscairí maidir le hurrann an Bhallstáit: Táscairí eile mar a chomhaontaítear idir an Ballstát agus an Coimisiún faoin gcomhaontú ranníocaíochta agus a thrasuitear sa chomhaontú ráthaíochta ábhartha leis an gcomhpháirtí cur chun feidhme.

([1]) Chun na táscairí sin a ríomh, úsáidfear an mhodheolaíocht theicniúil a forbraíodh le haghaidh eochairtháscairí feidhmíochta agus táscairí faireacháin InvestEU.

([2]) Tásc má rannchuidíonn an oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta leis an réimse sonrach (Rannchuidíonn, Ní Rannchuidíonn nó Ní Fios) agus más infheidhme, an méid atáthar ag súil a rannchuidiú le réimse den sórt sin.